RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/718 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Aibreán 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 371/2011 a mhéid a bhaineann le hainm shealbhóir an údaraithe i gcomhair salann sóidiam démheitilglicín mar bhreiseán beatha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.

(2) Chuir Taminco BVBA iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 lenar moladh ainm shealbhóir an údaraithe a athrú a mhéid a bhaineann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 371/2011 ón gCoimisiún ([2]). Mhaígh an t-iarratasóir gur athchóirigh an Bheilg a Cód Cuideachtaí agus Comhlachas ("Wetboek van Vennootschappen en Verenigingen"), rud a thug athrú isteach le haghaidh gach eintiteas Beilgeach. Mar chuid den reachtaíocht athraithe, athraíodh an cineál cuideachta "belsoten vennootschap met beperkte aansprakelijkheid" ("BVBA"), ar ina cháil sin atá Taminco i mbun a ghnó, go dtí an cineál cuideachta "besloten vennootschap" ("BV"). Tá an chuideachta fós ina cuideachta phríobháideach faoi dhliteanas teoranta de réir dhlíthe na Beilge. Ciallaíonn sin go mbeidh Taminco ag trádáil mar "Taminco BV" amhail ón 1 Eanáir 2021. Bhí na sonraí tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an iarratas.

(3) Is athrú glan riaracháin é an t-athrú sin atá beartaithe i dtéarmaí an údaraithe agus ní dhéanfar measúnú nua ar an mbreiseán lena mbaineann. Cuireadh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ar an eolas faoin iarratas.

(4) Is gá téarmaí an údaraithe a athrú chun gur féidir leis an iarratasóir a chearta margaíochta a shaothrú faoin ainm Taminco BV.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 371/2011 a leasú dá réir.

(6) Ós rud é nach gá an leasú a rinneadh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 371/2011 a chur i bhfeidhm láithreach mar gheall ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ina bhféadfar stoic atá ann cheana a úsáid.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 371/2011

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 371/2011 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear na focail "sealbhóir an údaraithe Taminco BV" in ionad na bhfocal "sealbhóir an údaraithe Taminco N.V.";

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 371/2011 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2011 maidir le salann sóidiam démheitilglicín a údarú mar bhreiseán beatha le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaraithe Taminco N.V.) (IO L 102, 16.4.2011, lch. 6).

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, “Ainm shealbhóir an údaraithe”, cuirtear “Taminco BV” in ionad na bhfocal “Taminco BVBA”.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

Stoic an bhreiseáin atá ann cheana agus atá i gcomhréir leis na forálacha arna gcur i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfar leanúint de na stoic sin a chur ar an margadh agus a úsáid go dtí go mbeidh siad ídithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN